Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland




# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Ciarraí**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Michael G Kenny, Gerry Barry, Paul Woods (Perry Lane).

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023– 2027** | 04 |
| 02 | **Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i gCiarraí** | 06 |
| 03 | **Aisling Chiarraí maidir le hÉire Ildánach** | 12 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach**<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 14 |
| 05 | **Na Bearta Tús Áite maidir le Ciarraí** | 16 |
| 06 | **An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir ag Cruthaitheachta Chiarraí** | 22 |
| | **Mapa de Chiarraí agus de na Ceantair Bardais** | 23 |

# Réamhrá

Is contae Ciarraí inar gné láidir an cultúr, an oidhreacht agus an Ghaeilge de shaol na ndaoine. Roghnaíonn cuid mhór den aos cruthaitheachta agus ealaíne maireachtáil agus saothrú sa chontae. Is fada an chruthaitheacht á cothú ar bhealach folláin spreagúil sa chontae mar gheall ar scéimhe an taobh tíre agus soicheall na ndaoine.

Is gné shuntasach faoin tráth seo d'obair an Údaráis Áitiúil maidir le forás agus daingniú na cruthaitheachta an clár Éire Ildánach i gCiarraí. Is buntábhachtach gur cuireadh i gcrích na príomhghnéithe a bhain leis an aisling a ghabh le Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta Chiarraí 2018–2022. Tá curtha go mór ag an gclár Éire Ildánach i gCiarraí le haird agus tuiscint an tsaoránaigh ar an gcruthaitheacht agus leis an rannpháirtíocht i mbearta cruthaitheachta. Is mó freisin a bhraitheann daoine ar fud an chontae an fiúntas agus an tairbhe atá leis an gcruthaitheacht maidir le dea–bhail an duine.

Tháinig, ón tús, an leagan amach agus an tabhairt i bhfeidhm maidir le hÉire Ildánach i gCiarraí faoi anáil bhearta comhairliúchán leis an bpobal. Chaith cuid mhór ó earnáil na cruthaitheachta agus i ngrúpaí pobail, chomh maith leis an duine aonair as a stuaim féin, am agus dúthracht le lón eolais agus tuairimíochta a chur i láthair maidir leis an gclár Éire Ildánach a leagan amach i gCiarraí. Cuireadh tús leis na gnéithe forfheidhmiúcháin le bearta páirtnéireachta de réir straitéise agus le cabhair deontais d'fhonn cuidiú le tograí éagsúla agus borradh a chur faoin gcruthaitheacht sna comharsanachtaí éagsúla. Is gné lárnach den bheartaíocht ar fad an dea–bhail a bhíonn ar an bpobal i gcoitinne mar gheall ar pháirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta.

De réir a chéile, tháinig forás ar an gclár Éire Ildánach i gCiarraí ionas gurbh fhéidir cabhair deontais ar scála níos airde a thabhairt maidir le tograí ardaidhme, ag cloí i gcónaí leis an treoir náisiúnta maidir le tionscadail lena mbaineann breis fairsinge agus aidhmiúlachta. De thoradh ar an gcur chuige sin, thárla borradh faoin rannpháirtíocht agus feabhas ó thaobh dea-bhail an duine agus cuireadh bonn daingean faoi dheiseanna cruthaitheachta a chur ar fáil ar fud Chiarraí trí chomhar páirtnéireachta de leithéid 'Fighting Words', 'Film in Kerry', 'Youth Theatre' agus 'Architecture Kerry'.

Nuair a tháinig Covid chun cinn, cuireadh athrú ar an gclár Éire Ildánach i gCiarraí ionas go bhféadfaí na tionscadail a thabhairt i gcrích le haird ar na srianta a bhí i bhfeidhm agus na deacrachtaí a d'eascair ón bpaindéim. Leis an gcóiriú dá réir sin ar an gclár, leagadh béim níos géire ar spásanna cruthaitheachta agus ar bhreis acmhainneachta agus tháinig múrphictiúir agus meantóireacht chun tosaigh.

Is gné lárnach den chlár Éire Ildánach i gCiarraí cuidiú le hócáidí spreagúla maidir le Cruinniú na nÓg agus Oíche an Chultúir. Leis an aird ar chúrsaí cultúir ar ócáidí náisiúnta den sórt sin, dírítear aire dhaoine ar a bhfuil de scóip agus d'ardchaighdeán ag baint le saothrú na cruthaitheachta agus an chultúir i gCiarraí.

Tá Éire Ildánach i gCiarraí inár dtimpeall! Le cúig bhliana anuas, eagraíodh tionscadail trínar tháinig an pobal i gcomharsanachtaí éagsúla le chéile ag socrú ar a mbeadh i múrphictiúir d'fhonn cultúr na háite a chur in iúl, ag cnuasach agus ag tiomsú ábhar cartlainne maidir le cultúr na háite, ag damhsa ar na tránna d'fhonn aird a tharraingt ar athruithe cois cladaigh mar gheall ar athrú na haeráide, ag ceiliúradh chultúr na linne le haird ar cheol, amharclannaíocht na n-óg, scannánaíocht, damhsa, scríbhneoireacht chruthaitheach, ailtireacht, códúchán agus fiú amháin déantúsaíocht róbait.

Tá Éire Ildánach ina chuid de mhuintir Chiarraí faoin tráth seo agus, ag dul ar aghaidh dúinn leis an gcéad chéim eile den bheartaíocht, tá rún againn cur le líon na ndaoine a bhraitheann gur féidir leo páirt a ghlacadh sa chlár agus cur freisin lena mhéid a théann an clár i gcion ar gach Ciarraíoch. Is é an bunrud go bhfuil rún againn i gContae Chiarraí a bheith mórtasach i mbun chruthaitheacht mhuintir an chontae a chur in iúl, glacadh go fonnmhar le nuacht sa saol agus cur le dea-bhail an duine lena linn sin.

**An Comhairleoir John Francis Flynn,**
Cathaoirleach Chomhairle Chontae Chiarraí.

Is gné de mhianach Chiarraí an chruthaitheacht, tá sé chomh mór i gceist agus atá dreach na tíre nó fáilte na ndaoine. Leis an gclár Éire Ildánach i gCiarraí, tá ceangal níos dlúithe cothaithe ag Comhairle Chontae Chiarraí le hearnáil na cruthaitheachta.

Le cúig bhliana anuas, cuireadh níos mó ná 350 imeacht agus tionscadal ar siúl faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí agus fostaíodh níos mó ná 500 duine in earnáil an Chultúir agus na Cruthaitheachta. Chuaigh an clár i gcion go fada fairsing, ar mhodhanna digiteacha agus ar an láthair.

Is tábhachtach an rud chomh maith go bhfuil Comhairle Chontae Chiarraí, ar fud na heagraíochta, tugtha do chúrsaí cruthaitheachta agus cultúir a chothú ar mhaithe le dea-bhail an phobail. Tuigtear an tábhacht atá leis an gcruthaitheacht i saol an duine agus an fiúntas don phobal.

D'fhonn earnáil na cruthaitheachta a fhorbairt agus ceangal an tsaoránaigh le cúrsaí cruthaitheachta agus cultúir a threisiú, beifear ag fónamh níos mó agus ag cruthú deiseanna do dhaoine in earnáil na cruthaitheachta maireachtáil agus oibriú i gCiarraí. Ina bhun sin, admhaítear go gcuireann an nuáil agus an spreagadh a eascraíonn ó earnáil bhríomhar cruthaitheachta le saol an uile dhuine againn agus le saol an phobail i gcoitinne. Leanann leathnú ar Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Chiarraí, ar aon dul le tionchar na cruthaitheachta ar na seirbhísí uile. Táthar tugtha do na modhanna a fhorbairt a bhíonn againn i mbun cumarsáide, foghlama agus pleanála don am atá i ndán trí chur oiread agus is féidir leis an nuáil cruthaitheachta agus le dea-bhail an phobail tríd an gcruthaitheacht.

Tríd an gclár idir-rannach fud an rialtais Éire Ildánach, cinnteofar go dtugtar i gcrích oiread agus is féidir mar gheall ar na deiseanna dul chun cinn mar chontae inar mór an ní an cúrsaí cruthaitheachta, teanga agus cultúir. Tríd an bPlean Forbartha Contae, an Plean Corparáide, an Plean Réigiúnach maidir le Forbairt Eacnamaíochta agus an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta, táthar tugtha d'fheabhas breise a chur ar chaighdeán an tsaoil i gCiarraí, an áit maireachtála agus oibre is rogha linn.

**Ms Moira Murrell**
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Chiarraí.

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannphháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn–cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn Pobail Ildánacha leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá Pobail Ildánacha nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Chiarraí agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.




*Cruinniú na nÓg* (Preabcheardlann Ealaíne) ag Teach Chill Airne. **Grianghraf:** Michael G. Kenny.



Tionscadail Chruthaitheacha i bPobail. **Grianghraf:** Paul Woods (Perry Lane).

# 2 Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i gCiarraí

Ciarraí an ceathrú contae is fairsinge in Éirinn le daonra is airde ná 155,000 duine (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022 Réamhthorthaí). Tá an chuid is mó den chontae faoin tuath le réimsí sceirdiúla sléibhte, an sliabh is airde in Éirinn ina measc. Tá cósta fada farraige le Ciarraí agus dhá leithinis ar na gnéithe is tréine den leagan amach tíreolaíochta. Tá traidisiún láidir cruthaitheachta sa 'Ríocht' agus cultúr beo lena mbaineann saothrú ealaíne agus ceardaíochta, dearthóireacht, an Ghaeilge agus an oidhreacht. Feirmeoireacht, turasóireacht agus tionscail éagsúla áitiúla eile croílár eacnamaíochta an chontae.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2022–2028 an aisling maidir le soláthar d'fhorbairt ar Chontae Chiarraí ina áit tharraingteach, inchomórtais, inbhuanaithe maidir le maireachtáil ann, cuairt a thabhairt ann nó gnó a rith ann, le deiseanna fostaíochta agus oideachais, gnéithe den dúlra agus den timpeallacht foirgníochta, imeachtaí cultúir agus beocht agus brí sa phobal faoin tuath agus sna bailte atá ar na caighdeáin is airde.

Tá cuid mhór ealaíontóirí, ceoltóirí, scríbhneoirí, ceardaithe, dearthóirí, lucht anamúlachta agus scannánaíochta ina gcónaí i gCiarraí. Bíonn féilte agus imeachtaí ealaíne ar siúl ann agus tá ionaid ealaíne, cultúir agus oidhreachta ar fáil.

Tá cuid mhór gníomhaireachtaí agus grúpaí a chuireann cúnamh saindírithe ar fáil maidir le cláir ilphobail.

Le cúig bhliana anuas, tá leathnaithe ag Comhairle Chontae Chiarraí leis an meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ionas go dtagann brainsí go leor d'obair na Comhairle san áireamh agus Éire Ildánach i gCiarraí ina aonad lárnach. Leis an mbeart forbartha sin, glacadh ar leibhéal na corparáide leis an araíocht a bhaineann le hÉire Ildánach i gCiarraí mar mhodh chun dea-bhail an phobail a chur chun cinn ar fud na seirbhísí éagsúla agus na gcomharsanachtaí éagsúla. Déantar fónamh freisin maidir le roinnt de phríomhchuspóirí sonraithe na Comhairle a thabhairt i gcrích, mar shampla comhtháthú sóisialta, athrú aeráide, forbairt eacnamaíochta, nuálaíocht agus forbairt pobail. Tháinig athrú dearcaidh le cúig bhliana anuas agus Éire Ildánach i gCiarraí anois ina chionnsiocair le tuiscint ar fhiúntas na cruthaitheachta agus an chultúir a neartú agus a threisiú san Údarás Áitiúil. Déanann Comhairle Chontae Chiarraí ceannródaíocht ina leith sin ionas go gcuirtear pleanáil straitéiseach ar fáil agus forbairt don chontae ag freastal don saoránach sa chontae faoi Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022–2028. Is léir ón bhfiúntas as an obair a chuir Éire Ildánach i gCiarraí i gcrích an modh ina bhfeidhmíonn earnáil na cruthaitheachta agus an rannpháirtíocht sa chruthaitheacht ar fud na gcomharsanachtaí leis an gcultúr beo, leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht. Leanfaidh Éire Ildánach i gCiarraí de na príomhchuspóirí a thabhairt i gcrích d'fhonn cur le caighdeán an tsaoil, le dea-bhail an phobail, le hathnuachan agus forbairt na tuaithe agus na mbailte, le forbairt eacnamaíochta, leis an acmhainn iomaíochta, agus d'fhonn cuidiú le haird agus tuiscint a chothú ar bhearta maidir leis an athrú aeráide ionas gur fearr a chaomhnaítear an contae.

Agus pleanáil ar siúl ag Comhairle Chontae Chiarraí forbairt straitéiseach a thabhairt ar cheantair tuaithe agus ar bhailte, beidh an clár Éire Ildánach i gCiarraí ina dhlúthchuid den athnuachan agus den fhorfheabhsú pobail, ag díriú ar cheantair faoi leith faoin tuath agus i réimsí foirgníochta. Beidh páirt ag páirtnéirí, ag daoine den lucht cruthaitheacht, dreamanna pobail, áitritheoirí agus geallsealbhóirí príomhthábhachta leis an obair sin agus gnáthchuid á dhéanamh de chúrsaí inbhuanaitheachta maidir le gnéithe uile na haislinge.

Le cúig bhliana anuas, bhí níos mó ná 500 duine den aos cruthaitheachta a d'fhostaigh an clár Éire Ildánach i gCiarraí nó ar cuidíodh leo faoin gclár. Bhí líon is airde ná 120,000 de mhuintir Chiarraí a ghlac



*Cruinniú na nÓg* (*Making Land Art* le Gerry Barry). **Grianghraf:** Gerry Barry.

páirt go díreach i mbeartaíocht faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí (tuairim is 50/50 ar am láthair nó trí chiancheangal digiteach).

Tá de rún againn cur le hacmhainn an chontae fónamh d'earnáil na cruthaitheachta le polasaithe leanúnacha, gnéithe infreastruchtúir a chur ar fáil, agus deiseanna eacnamaíochta a thabhairt chun cinn maidir le tionscail chruthaitheachta i gCiarraí. Is nádúrtha smaoineamh ar chúrsaí scannánaíochta maidir le leas a bhaint as radharcanna áille an chontae agus as seirbhísí gairmiúla. Beifear ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí tábhachtacha go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta d'fhonn cur le hacmhainn iomaíochta Chiarraí gnó breise scannánaíochta agus teilifíse a mhealladh go Ciarraí ionas go gcuirtear deiseanna breise fostaíochta ar fáil ar fud earnáil na cruthaitheachta agus i réimsí eile.

Oibreoidh aonad Comhshaoil na Comhairle agus geallsealbhóirí ar fud Chiarraí le dreamanna éagsúla d'fhonn bearta na Comhairle maidir le hathrú go dtí saol atá éadrom ó thaobh carbóin agus buanseasmhach ó thaobh na haeráide a thabhairt i gcrích. Ar mhaithe le straitéis éifeachtúil i ndáil le cothú spéise agus athraithe, oibreoidh an clár Éire Ildánach i gCiarraí in éineacht leo d'fhonn tuiscint ar bhearta i leith na haeráide a chothú trí bhearta cruthaitheachta. Oibríodh maidir le tionscadail faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí le cúig bhliana anuas in éineacht le Grúpa Caomhantais na Machairí, Bithsféar Chiarraí agus Ealaíontóir Cónaithe le béim ar an dúlra. Tugadh chun aire le linn obair na dtionscadal sin go bhfuil an-spéis i mbearta i leith na haeráide ag óg agus aosta. Tá d'aidhm againn trí dheiseanna cruthaitheachta cur leis an tuiscint ar an ngá le beartaíocht i leith na haeráide i rith na gcúig bhliana seo romhainn.

Tá dea-bhail an phobail le háireamh ar na bunphrionsabail. Oibreofar in éineacht le daoine aonair, le heagraíochtaí agus le grúpaí pobail, le hóg agus le haosta, d'fhonn cur leis an rannpháirtíocht i gcúrsaí cruthaitheachta agus le tapú an chultúir tríd an gclár Éire Ildánach i gCiarraí. Is tábhachtach an rud go mbeadh deiseanna á gcur ar fáil do dhaoine a bhfuil fonn orthu a bheith páirteach, cibé an in earnáil cruthaitheachta an chontae sin nó mar dhuine ar mian leis nó léi gnéithe den chruthaitheacht a bheith ag rith le gnáthshaol an lae aige nó aici.

Is suntasach an rath a bhí ar Éire Ildánach i gCiarraí. Tá deis ina ainneoin sin cur leis arís agus leis an aird a tharraingítear. Is léir ón taithí ar an obair go dtí seo, ón aiseolas ó rannpháirtithe agus ón gcomhairliúchán poiblí, go bhfuil an-fhonn ar dhaoine an clár Éire Ildánach a fheiceáil ar bun arís go ceann cúig bhliana eile agus iad ag tnúth go mór leis. Tá le tuiscint ón aiseolas go raibh níos mó ná 65% den lucht freagartha eolach ar an gclár Éire Ildánach i gCiarraí agus tá d'aidhm againn cur leis sin as seo go ceann cúig bhliana eile.

Tá lucht éisteachta is mó ná 400,000 éisteoir cruthaithe ag an gclár míosúil in éineacht le Raidió Chiarraí le cúig bhliana anuas. Le sciar 50.8% den mhargadh agus 73% den daonra ag éisteacht leis an gcainéal–féachtar le leanúint leis an bpáirtnéireacht seo mar chuid den fheachtas maidir le haird agus tuiscint a chothú.

Léirítear le cláir de leithéid Chruinniú na nÓg, Ceolchoirmeacha Cúraim Covid, Lá Fhéile Bríde, Ceol Aireagail Dhairbhre, Amharclann na nÓg, Féile i Veain, Meantóireacht ón Oifig Fiontair Áitiúil, An Tionscadal Fáilte, Ailtireacht Chiarraí, an scannánaíocht ar Joyride, agus múrphictiúir iomadúla ar fud an chontae an t-éileamh atá ag an bpobal ar dheiseanna breise maidir le páirt a bheith acu i mbearta cruthaitheachta. Tá aird agus tuiscint cothaithe ar an obair a dhéanann LCYP Chiarraí agus cuidítear leis an bpáirtnéireacht sin a thugann dea-thoradh i gcrích ar an gcur chuige saindírithe. Oibríonn Éire Ildánach i gCiarraí agus LCYP Chiarraí i gcomhar ionas go dtugtar an cúnamh taca is éifeachtúla maidir le toradh saothair inbhuanaithe ar an mbeartaíocht i ndáil le cruthaitheacht agus rannpháirtíocht na ndaoine óga.

Beidh béim tús áite ag an gclár Éire Ildánach i gCiarraí agus ag an Meitheal Cruthaitheachta agus na geallsealbhóirí príomhthábhachta ar dhea-bhail an duine, ar an bhforbairt eacnamaíochta agus ar bheart i leith na haeráide trí dhíriú ar:

— treisiú le deiseanna rialta ag daoine óga dul i mbun cruthaitheachta
— treisiú le lucht na cruthaitheachta ag obair le dreamanna pobail, agus
— treisiú le tograí straitéise atá ag teacht le forbairt an cheantair agus an chruthaitheacht ina mhodh chuige sin.

Tugadh chun aire leis an bpróiseas comhairliúcháin don athbhreithniú ar an gclár Éire Ildánach, go raibh trí phríomhchonstaic le sárú maidir le rannpháirtíocht an phobail sa chlár:

6. Costas agus cúrsaí eacnamaíochta
7. Cúrsaí áisiúlachta (digiteach, teanga, litearthacht)
8. Cúrsaí Tíreolaíochta (ceangal leis an gcóras iompair poiblí, dúichí faoin tuath)

Tá rún tabhairt faoi na constaicí sin a shárú maidir le gach togra faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí le linn iad a leagan amach, a cheapadh agus a chur i gcrích. Déanfar sin trí sheifteanna a leagan amach ina leith. Mar gheall ar thuairimí a chuir an pobal in iúl ina leith, leanfar de mhodhanna cumaisc cur i láthair, rud a chinnteoidh freisin áisiúlacht breise maidir le rannpháirtíocht. Luadh an gá le modh iompair chun freastal ar imeachtaí i mbailte móra agus i gceantair tuaithe mar a rinneadh gá le níos mó beartaíochta i mbaile Thrá Lí ar an gclár.

Cuideoidh an clár Éire Ildánach i gCiarraí maidir le gnéithe príomhthábhachta de phleananna oibre na Comhairle a thabhairt i gcrích ar fud earnálacha éagsúla nuair a fhágann an maoiniú poiblí gur acmhainn cúnamh a thabhairt maidir leis an lucht cruthaitheachta agus le rannpháirtíocht an phobail, agus sa chás go spreagann bearta cruthaitheachta aird agus tuiscint nó athrú gnáis nó go gcuirtear leis an gclár oibre. Faoi Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta an Deiscirt (RSES), tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag féachaint le mapáil a dhéanamh ar láithreacha cultúir, oidhreachta agus turasóireachta a bhfuil suntas/scála réigiúnach leo maidir le forbairt eacnamaíochta.

Déanann Comhairle Chontae Chiarraí, ina húdarás áitiúil di, príomhchuspóirí náisiúnta a thabhairt i gcrích go háitiúil de réir mar a bhaineann le hathnuachan bailte agus sráidbhailte, forbairt eacnamaíochta, dea-bhail an duine, comhtháthú sóisialta agus eile. Déantar sin trí:

— An Plean Forbartha Contae 2022–2028: *"beidh aird ar an am a caitheamh agus tnúth leis an am atá le theacht, maidir le meas ar oidhreacht shainiúil cultúir, shóisialta agus spóirt agus ar an nGaeltacht."*
— An Plean Corparáide 2019–2024: cúrsaí turasóireachta agus comharsanachtaí a fhorbairt atá acmhainneach, bríomhar, seasmhach, marthanach; aird agus spéis an phobail i gcoitinne a chothú agus cur leis an rannpháirtíocht an tráth céanna a gcuirtear chun cinn cuimsiú sóisialta, comhionannas, cearta an duine, agus bearta atá cóiriúil don aosach.'
— Luaitear 27 Sprioc Ardleibhéil i bPlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Chiarraí 2016–2021 faoi thrí cinn de ráitis shocheacnamaíochta: Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta; Caighdeán an tSaoil agus an Pobal; Cuimsiú Sóisialta.

Áirítear ar na samplaí de thionscnaimh ildisciplíne a mbaineann an nuáil agus an comhar leo agus ar éirigh go maith leo faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí le cúig bhliana anuas:

### 1. Ailtireacht Chiarraí
Seo an cúigiú bliain anois d'Ailtireacht Chiarraí trína ndéantar ceiliúradh ar fhoirgníocht agus ar oidhreachta ailtireachta Chiarraí. Leagtar amach gnéithe ailtireachta, dea-dhearthóireacht agus spásanna bríomhara poiblí a chur ar taispeáint agus spreagann an fhéile meas agus tuiscint ar an oidhreacht foirgníochta (sean agus nua) le turais, taispeántais agus imeachtaí eile d'óg agus aosta.

### 2. Féile i Veain
Tugann Féile i Veain siamsaíocht faoin aer chuig dreamanna den lucht féachana agus éisteachta i gCiarraí agus tá an tríú séasúr ar siúl faoin tráth seo. Bíonn an veain atá feistithe le trealamh speisialta ina ionad beag ealaíne suite i spásanna oscailte inar féidir le daoine cruinniú ag ceolchoirm leathuaire le scoth na gceoltóirí as Ciarraí.



Seachtain Oidhreachta (*Imprints* — Cumann Caomhantais an Mhachaire).
**Grianghraf:** Domnick Walsh.

## 3. Bithsféar Chiarraí

Is tionscnamh straitéiseach ag Bithsféar Chiarraí agus Éire Ildánach i gCiarraí 'An pláinéad, an bithsféar' ar cuireadh tús leis sa bhliain 2020. Tá sé ar siúl le tamall de bhlianta agus spreagtar dea-bhail an phobail trí pháirt i mbearta ealaíne agus oidhreachta i ndáil le gnáthóga agus speicis dúchasacha Thearmann Bhithsféar Chiarraí. Cothaítear tuiscint ar an bpáirt atá againne, maoir na talún, i gcosaint, i gcumhdach agus i gcaomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta.

## 4. Carachtair Lios Tuathail

Faoin tionscadal seo, baintear úsáid as cainteanna le linn agallaimh agus comhrá le filí, lucht déanta amhrán agus scríbhneoirí as Lios Tuathail agus tuaisceart Chiarraí agus as sleachta as a gcuid saothair chun múrphictiúir ildaite clóghrafaíochta a dhéanamh ar fud an bhaile mhóir a mbaineann ábhar machnaimh leo. Togra ilpháirtnéireachta a bhí anseo trínar cuireadh cuma faoi leith ar dhreach lár an bhaile faoi scéimeanna athnuachana maidir le lár an bhaile mhóir.

## 5. Ceolchoirmeacha Cúraim Covid

Chuir Gerald Peregrine, dordveidhleadóir, Ceolchoirmeacha Cúraim Covid ar siúl i mí Bealtaine 2020 mar phreab-bheart tobann i ndáil leis an bpaindéim. Tá líon is mó ná 105 de na hoirfidigh is aitheanta ar fud na hÉireann tar éis seinm beo faoin tráth seo ag níos mó ná ceolchoirm 1,300 ceolchoirm i 23 contae os comhair líon is mó ná 125,000 duine. Tugann Éire Ildánach agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán cúnamh i leith an togra i gcomhar leis na húdaráis áitiúla.

Samplaí de theistiméireachtaí ó ealaíontóirí, áisitheoirí agus geallsealbhóirí faoi Éire Ildánach i gCiarraí maidir le dea-thoradh ar thograí agus an tionchar a bhíonn acu ar shaol na ndaoine i gCiarraí.

**Edwina Guckian**
**— tionscadal Modern Day Mummers:**

*"B'iontach an bíogadh a tháinig sna daoine ar tugadh cuairt orthu. Is furasta a aithint orthu ar an bhfíseán agus sna grianghraif, agus b'álainn freisin na tuairiscí a tugadh i scríbhinn agus ó bhéal ina dhiaidh sin. Sheol cuid mhór de na daoine in iarthar Chiarraí cártaí agus saothair péintéireachta chuig cleamairí na háite le buíochas a chur in iúl agus a rá gur mór a chuaigh cuairt na gcleamairí i gcion orthu. Chuir sé ríméad orm an tógáil croí iontu a thabhairt faoi deara. Bhí bean amháin a ghlaoigh orm agus a dúirt go raibh dhá bhliain caite ó rinne sí damhsa, mar gheall ar dhul faoi scian, agus go raibh sí in ísle brí i rith shrianta Covid, agus gurbh é an chéad uair aici rince a dhéanamh arís an uair a tháinig na cleamairí ar an tairseach, dúirt sí gur chuir sé beocht agus brí in athuair inti. Is féidir í a fheiceáil ag damhsa i bhfíseán Sheáin. Labhair na cleamairí freisin ar an spraoi agus an spreagadh a bhain leis dóibhsean chomh maith. Tar éis tamall maith gan deis cleamaireachta, bhí ceangal an chaidrimh i measc an phobail agus le lucht éisteachta beo ina dhíol suntais acu go léir - bhí dea-thoradh ar an mbeartaíocht ag an uile dhuine a bhí páirteach ann."*

**Tuairimí ón Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta maidir leis na buanna a ghabhann leis an gclár:**

*"Is bua faoi leith an treisiú a dhéantar ar earnáil na healaíne i gCiarraí ó thaobh ardaidhmiúlacht a spreagadh agus an bonn cruthaitheachta atá go nádúrtha i gCiarraí a chothú."*

*"Comhoibriú le ranna eile ar fud Chomhairle Chontae Chiarraí - an comhar ar fud na heagraíochta - oibríonn sin ar fheabhas."*

*"Is maith mar a éiríonn le múrphictiúir ó thaobh aird agus tuiscint a chruthú agus plé a tharraingt."*

*"Gnáthrud a dhéanamh den chruthaitheacht agus a thabhairt i gceist le gnáthchúrsaí oibriúcháin, is éifeachtúil sin maidir leis an gcruthaitheacht a bheith i lár an aonaigh i ndáil le gach cineál beartaíochta."*

**Mieke Vanmechelen**
**— Scannánaí Cónaithe Chiarraí:**

*"I mo Scannánaí Cónaithe dom i gCiarraí, buailim le daoine óga ar fud Chiarraí agus oibrím in éineacht leo. Téann i gcónaí an díocas agus an díograis atá iontu i gcion orm agus iad chomh toilteanach oibriú i gcomhar ar thograí cruthaitheachta. Bíonn siad an-mhórtasach as an áit dúchais, as an gcontae agus as a ndúiche féin. Faillí a bheadh ann mura gcuideofaí leo agus mura dtabharfaí aitheantas dóibh, leanann an dea-mhéin a chothaíonn siadsan agus leathnaíonn sé ar fud an phobail, iadsan a bheidh ina gcranna seasta againne san am atá romhainn."*

# 3 Aisling Chiarraí maidir le hÉire Ildánach

Tá d'aisling le hÉire Ildánach i gCiarraí a chinntiú gur gné lárnach an chruthaitheacht de ghnáthshaol an lae ag muintir Chiarraí. Is dlúthchuid den straitéis gur tairbheach an rud páirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta maidir le dea-bhail an duine agus an saol a chaithimid. Is dlúthchuid an chruthaitheacht den saol i gCiarraí agus de mhianach mhuintir Chiarraí. Admhaítear i Straitéis Chiarraí maidir le hÉire Ildánach an fiúntas atá leis an gcruthaitheacht a chaomhnú agus a chur chun cinn, deiseanna don nuálaíocht agus don chruthaitheacht a chur ar bun ar fud an chontae agus le béim faoi leith ar dhea-bhail an duine.

Tabharfar sin i gcrích:

1. Trí chur le hacmhainn earnáil na cruthaitheachta caidreamh a chothú le dreamanna de mhuintir Chiarraí
2. Trí chúnamh a dhíriú ar bhealach a thagann le príomhchuspóirí straitéise ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta
3. Trí sholúbthacht a choinneáil sa chur chuige ionas gur féidir oibriú i gcomhar ionas go gcruthaítear agus go gcothaítear deiseanna rannpháirtíochta ar fud na gcomharsanachtaí éagsúla.

Cuirfear chun cinn tástáil agus taitneamh, tuiscint agus meas ar chruthaitheacht, ar fud an chontae. Is gné lárnach den aisling go bhfóntar do dhaoine den lucht cruthaitheachta ag maireachtáil agus ag saothrú i gCiarraí agus i mbun caidrimh leis na daoine agus dá spreagadh.

Tosaíonn a leithéid sin gar do bhaile. Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil dea-shampla trí oibriú ar fud na mbrainsí agus na ranna éagsúla, tríd an Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta, d'fhonn a chinntiú go mbíonn treisiú leis an gcruthaitheacht ina dhlúthchuid den phleanáil corparáide ar fad agus de na príomhchuspóirí éagsúla. Múnlaíonn an tÚdarás Áitiúil an contae atá i ndán dúinn go léir, ag oibriú chun príomhchuspóirí straitéiseacha náisiúnta agus áitiúla a thabhairt i gcrích. Cinnteofar go mbíonn ról lárnach leis an gcruthaitheacht i saol na linne seo romhainn a mhúnlú. Tríd an Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta, meitheal ar a bhfuil baill foirne de chuid an Údaráis Áitiúil ar fud chuid mhór de bhrainsí agus de ranna lárnacha na comhairle, agus mar chuid den obair faoi na Pleananna Ceantair Áitiúla agus faoin bPlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil a tharlóidh cuid den tabhairt i gcrích. Oibreofar in éineacht le páirtnéirí agus geallsealbhóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le comhthuiscint ar an aisling maidir le borradh a chur faoin acmhainn cruthaitheachta agus faoin rannpháirtíocht ag an saoránach.

Fágfaidh an neartú seo ar an gcomhar agus ar an bpáirtnéireacht deiseanna breise ar fáil faoin gclár Éire Ildánach i gCiarraí an chruthaitheacht a chur chun cinn mar chuid lárnach den saol. Oibreofar leis na geallsealbhóirí leasmhara, le heagraíochtaí, scoileanna agus gnólachtaí, agus le hearnáil na cruthaitheachta d'fhonn borradh a chur faoin gcruthaitheacht, faoin rannpháirtíocht i mbearta cruthaitheachta agus faoin mbeartaíocht féin agus oibreofar freisin chun an toradh tairbheach dá bharr ar shaol an uile dhuine againn a chur in iúl.

Ar cheann de na constaicí is mó maidir le rannpháirtíocht i mbearta cruthaitheachta agus cultúir a cuireadh in iúl i rith an phróiseas comhairliúcháin bhí cúrsaí taistil agus an scaipeadh tíreolaíochtaí. Féachfar lena chinntiú go mbíonn ceisteanna áisiúlachta chun tosaigh maidir leis an obair a dhéantar agus leis na cláir a fhorbraítear. Is mian linn a chinntiú go mbíonn gach deis ag muintir Chiarraí an nasc leis an gcruthaitheacht a neartú agus ceangal níos dlúithe dá réir sin leis an nuálaíocht agus le dea-bhail an phobail.

Is mian linn go mbeadh, faoin mbliain 2027, teacht go furusta áisiúil ar an gcruthaitheacht ar fud an chontae ag an uile dhuine ar mian leo a bheith páirteach ann. Is mian linn go mbeadh lucht earnáil na cruthaitheachta ina gcónaí agus ag saothrú sa chontae agus cúnamh tacaíochta acu chuige sin. Is mian linn go mbeadh Ciarraí ina chontae ina bhfuil deis ag an saoránach an chruthaitheacht a thapú go rialta ann agus muintir Chiarraí go mórtasach ag agairt an suntas atá acu leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr.



Tionscadal Scannán Eallaigh Chiarraí, le Mieke Vanmechelen (ar dheis). **Grianghraf:** Sean Rea.

# 4 Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas**–Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh**–Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh Pobail Ildánacha de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht**–Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht**–Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ciarraí agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil - idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

*Cruinniú na nÓg* (seó ilchéadfach *Spirit of the Forest le Innabubble*), ag Leabharlann Chathair Saidhbhín. **Grianghraf:** Alan Landers.






*Cruinniú na nÓg* (taispeántas sorcais *Craic Cruinniú* ó Fanzini Productions), le Urs Wenk (sa lár). **Grianghraf:** Anna Hurkowska.

# 5 Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Chiarraí

Is ar *Chruthaitheacht an Phobail* (Colún 2) atá béim maidir le Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta na nÚdarás Áitiúil. Dá réir sin, leagtar amach na sé aidhm straitéise seo a leanas ar socraíodh orthu tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí agus próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí a eagrú, chomh maith le plé inmheánach leis an meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta maidir le hÉire Ildánach. Sonraítear leis na bearta tús áite seo na príomhchuspóirí maidir le hÉire Ildánach atá oiriúnach i gcás Chomhairle Chontae Chiarraí.

**Príomhchuspóir Straitéise 1: Cur le hacmhainn earnáil na cruthaitheachta**
Cuirfidh Éire Ildánach i gCiarraí le hacmhainn earnáil na cruthaitheachta trí:

1. Cláir a bheith á leagan amach go díreach ar fud na Meithle Cultúir agus Cruthaitheachta.
2. Cabhair deontais, agus ar leibhéal straitéise níos airde, sin a cheadú le haird ar fhorbairt fhadtéarmach agus ar inbhuanaitheacht a chinntiú.
3. Oibriú le hearnáil na cruthaitheachta, le páirtnéirí agus le gníomhaireachtaí cistíochta d'fhonn fónamh do spásanna breise a bheith ar fáil d'obair forbartha, beartaíochta agus taispeántais ag earnáil na cruthaitheachta agus do rannpháirtíocht an phobail a chothú.
4. Deiseanna páirtnéireachta le hearnáil na cruthaitheachta
   a. Oibriú i gcomhar d'fhonn cuidiú le hearnáil na cruthaitheachta feidhmiú níos fearr i gCiarraí agus, ar sin a dhéanamh, deiseanna don rannpháirtíocht i mbearta cruthaitheachta a chur ar fáil do dhreamanna éagsúla i gcomharsanachtaí éagsúla. Nuair a théitear i gcomhairle leis an bpobal, is minic agus is tréan a leagtar béim ar an ngá le breis spáis ag an aos cruthaitheachta ionas gur féidir leo saothar a chruthú, caidreamh a chothú leis na daoine, saothar a chur i láthair nó ar taispeáint
   b. Oibriú i gcomhar le hearnáil na cruthaitheachta agus leis an earnáil pobail maidir le cur leis na scileanna agus leis an acmhainn is gá chun tograí cruthaitheachta ar ardchaighdeán a cheapadh, a chruthú agus a chur i gcrích
   c. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí príomhthábhachta sa chontae, go réigiúnach agus go náisiúnta, d'fhonn fónamh don dul chun cinn fadtéarmach ina ré gairme ag daoine den aos cruthaitheachta a mhaireann agus a oibríonn i gCiarraí.
5. Cláir faoi leith a leagan amach
   a. Oibriú le dreamanna éagsúla d'fhonn fónamh do theacht níos áisiúla ar bheartaíocht cruthaitheachta le haird faoi leith ar an bhféiniúlacht cultúir ionas go gcinntítear soicheall ó thaobh cúrsaí teanga, eitneachta agus sóisialta.
   b. Bonn a chur faoi fhorchóras cistíochta trína leantar de chabhair deontais agus de chistí tionscadail a chur ar fáil ar fud réimse snáthanna éagsúla–maoiniú saindírithe, maoiniú straitéiseach pobail, cistí maidir le tograí ealaíne agus don chruthaitheacht i measc an phobail, acmhainn an duine aonair a chothú, deiseanna tionscadail.

**Príomhchuspóir Straitéise 2: Cur le deiseanna do chruthaitheacht na hóige**
Ba léir ón gcomhairliúchán poiblí gur mór is cás le daoine go leanfadh béim i gcónaí maidir le hÉire Ildánach i gCiarraí ar chruthaitheacht na ndaoine óga:



Tionscadail Chruthaitheacha i bPobail (Lost Palace Lixnaw).
**Grianghraf:** Alison Mac Cormaic.




Oíche Chultúir (*Fiúntas* — físeán le healaíontóirí sorcais), tógtha i dTrá Lí. **Grianghraf:** Maurice Supple (Blueshed Productions).

1. Oibriú in éineacht le LCYP Chiarraí, le Music Generation i gCiarraí agus le geallsealbhóirí príomhthábhachta eile d'fhonn cur i bhfeidhm ar bhealach rialta inbhuanaithe a thabhairt chun cinn ar fud an chontae.
2. Díriú ar dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga trínar féidir le forás a theacht ar a dtuiscint orthu féin agus ar an bhféinmhuinín iontu agus deiseanna a chur ar fáil dóibh cur in iúl na cruthaitheachta a thriail ar bhealach lena gcothaítear cruthaitheacht na ndaoine óga mar ghnáthchuid den chóras oideachais agus den saol i gcoitinne. Leagfar mórbhéim ar oibriú le páirtnéirí ionas go gcuirtear leis an acmhainneacht agus leis an leanúnach i ndáil le rannpháirtíocht na ndaoine óga i mbearta cruthaitheachta.
3. Tá leathnú leis an aird ar Chruinniú na nÓg agus leis an rannpháirtíocht ann le háireamh ar na bearta príomhthábhachta.
4. Oibriú bliain i ndiaidh bliana le Comhairle na nÓg de réir mar a bhíonn pleanáil ar siúl agus ábhar á leagan amach do Chruinniú na nÓg agus oibriú ar na nithe a thagann chun cinn maidir le cur leis na deiseanna ag daoine óga a gcuid cruthaitheachta a chothú atá ar fáil go háisiúil acu féin.
5. Oibriú i gcomhar leis na príomhfhorais oideachais agus gairmoideachais ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach d'fhonn conairí oideachais agus conairí gairme a chinntiú do dhaoine óga a fhónann do bhuanú earnáil na cruthaitheachta i gCiarraí.

### Príomhchuspóir Straitéise 3: Cloí le cur chuige sochóirithe maidir le cláir

Is maith an toradh atá ar chumas Éire Ildánach i gCiarraí dul in oiriúint d'athruithe agus is minic a tagraíodh dó sin i rith na bpróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus le geallsealbhóirí:

1. Leanúint ag tapú deiseanna maidir le cistíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus deiseanna eile acmhainn earnáil na cruthaitheachta i gCiarraí agus spéis agus rannpháirtíocht an tsaoránaigh maidir leis an réimse sin a chur chun cinn.
2. Dul in oiriúint do mhórthosca le hábhar dúshláin.
3. An cumas cur chuig an mbeartaíocht ar bhealaí éagsúla a choinneáil ar bun.

### Príomhchuspóir Straitéise 4: Deiseanna breise maidir le bearta cruthaitheachta

1. Oibriú ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn deiseanna breise ag an saoránach i ngach áit i gCiarraí páirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta.
2. Dea-bhail an duine agus dea-bhail an phobail a chur chun cinn tríd an gclár Éire Ildánach i gCiarraí a thabhairt i gcrích agus trí bhearta straitéiseacha.
3. Leanúint ag saothrú ar fud na Comhairle le meithle ildisciplíneacha ag obair i gcomhar agus ag cruthú tionscadail a fhónann maidir le sraith phríomhchuspóirí agus phríomhaidhmeanna phleananna oibre na Comhairle maidir le breis rannpháirtíochta, cuimsiú sóisialta, comhionannas, cearta daonna, bailte sláintiúla agus acmhainní atá cóiriúil ag daoine aosta a chur chun cinn.
4. Díriú ar dhea-bhail an duine a chur chun cinn le rannpháirtíocht shóisialta trí chruthaitheacht shaindírithe. Tiocfaidh san áireamh leis sin oibriú de réir straitéise ar fud eagraíochtaí agus dúichí éagsúla le daoine den lucht cruthaitheachta atá dírithe ar an réimse seo.
5. Béim a leagan ar leathnú leis na réimsí ar fud an chontae a dtéann rannpháirtíocht phobal na cruthaitheachta i gcion orthu. Bíonn an obair a dhéanann an Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ceangailte le hearnálacha éagsúla ar fud Chiarraí, saothróidh an Mheitheal ar mhaithe le cur leis an réimse cruthaitheachta a bhíonn ar fáil ar fud Chiarraí ar fad.

**Príomhchuspóir Straitéise 5: Fiúntas, údarás agus forbairt earnála a chur chun cinn san Údarás Áitiúil**

Pleanáil, forbairt straitéise agus cláir tús áite i gComhairle Chontae Chiarraí d'fhonn treisiú le hinfreastruchtúr cruthaitheachta agus clár cruthaitheachta níos tréine a chur ar fáil ar fud aonaid gnó an Údaráis Áitiúil:

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse ar a leagtar cúram maidir le hÉire Ildánach i gCiarraí, in éineacht leis an gComhordaitheoir agus leis an Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta
    a. Athbhreithniú maidir le hionadaithe breise a cheapadh ar an Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta d'fhonn cur le tionchar na meithle ar fud na seirbhísí éagsúla go ceann tréimhse na gcúig bhliana seo romhainn agus athrú agus leathnú ag teacht ar sheirbhísí.
    b. A chinntiú go mbíonn an lucht bainistíochta sinsearach agus na Comhaltaí Tofa eolasach faoin dea-thoradh agus faoin tionchar ionchais a d'fhéadfadh a bheith ar pholasaithe maidir le hÉire Ildánach i gCiarraí agus an clár a chur i gcrích.
    c. Oibriú ar mhaithe le deiseanna straitéiseacha a aimsiú chun deiseanna inmharthana don chruthaitheacht a chothú ar fud an chontae agus leanúint d'aird ar an gcruthaitheacht agus ar an tairbhe as a chur chun cinn ar fud na gcomharsanachtaí
        i. Beidh caidreamh níos dlúithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí i gceist leis seo
        ii. A chinntiú go mbíonn an chruthaitheacht agus an cultúr ina dhlúthchuid den obair maidir le 5 Phlean Ceantair Áitiúil, Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Chiarraí agus na Coistí Áitiúla maidir le Forbairt Pobail
2. Oibreoidh meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Éire Ildánach i gCiarraí ar mhaithe leis an gcomhar páirtnéireachta trína dtabharfar rannpháirtíocht leanúnach an phobail leis an gcruthaitheacht i gcrích le béim ar an gcur i gcrích a bheith ina ghné den ghnáthbheartaíocht san am atá romhainn.
3. Leanfar den obair i gcomhar leis na geallsealbhóirí príomhthábhachta maidir le deiseanna straitéiseacha do thionscal na cruthaitheachta a chur chun cinn le béim ghéar ar acmhainn iomaíochta Chiarraí mar láthair d'obair scannánaíochta agus teilifíse a chur chun tosaigh.

**Príomhchuspóir Straitéise 6: Seasamh le bearta cruthaitheachta i ndáil leis an aeráid ionas gur fearr an bonn a chuirtear faoin saol atá i ndán dúinn ar fad.**

De réir mar atá an brostú faoi athrú aeráide ag dul i gcion orainn ar fad, déanfaidh Éire Ildánach i gCiarraí:

1. Caidreamh a chothú le hearnáil na cruthaitheachta agus ceannródaíocht maidir le haird agus tuiscint ar chúrsaí aeráide, bearta maolúcháin agus dul in oiriúint.
2. Tuiscint ar chúram an phobail agus an duine aonair a chothú trí phróisis cruthaitheachta chomh maith le heolas ar bhearta chun sochair a bhféadfadh tairbhe a bheith astu.
3. Ag teacht leis an bplean áitiúil agus leis an bplean náisiúnta maidir le Beart i leith na hAeráide (CAP), oibreoidh Éire Ildánach i gCiarraí ar mhaithe leis an bplean náisiúnta agus plean Chomhairle Chontae Chiarraí a thabhairt le chéile, aird agus tuiscint a chothú trí chaidreamh cruthaitheachta ag an bpobal sna comharsanachtaí, gníomhaireachtaí, eagraíochta agus earnáil na cruthaitheachta le chéile.





Ailtireacht Chiarraí, le hEmer Corridan (bainisteoir; sa lár tulrach) ag Óstán Cahernane House, Cill Airne. **Grianghraf:** Valerie O'Sullivan.

Múrphictiúr ar Rotharbhealach na Fleisce, Cill Airne. **Grianghraf:** Eileen O'Donoghue

# 6 Cur chun feidhme Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chiarraí

Tá Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ar bun ag Comhairle Chontae Chiarraí maidir le stiúir agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo.

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Chiarraí chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air. Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.


Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;
- Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh - tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

An Stiúrthóir Seirbhísí maidir le Pleanáil Forbairt Pobail & Eacnamaíochta atá i gceann an róid maidir leis an Straitéis a thabhairt i gcrích agus áirítear ar bhaill Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Chiarraí, Oifigeach Ealaíne Chiarraí, an Riarthóir Tionscadail maidir le hÉire Ildánach, an Leabharlannaí Contae, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, Bainisteoir na hOifige Fiontraíochta Áitiúla, an tOifigeach Forbartha Eacnamaíochta, an tOifigeach Tacaíochta Turasóireachta, an tOifigeach Cóiriú don Aosach, Oifigigh (5) Ceantair Bardais, Oifigeach Bhithfhéar Chiarraí, an tOifigeach Feasachta Comhshaoil, Comhordaitheoir Pháirtnéireacht Cruthaitheachta Óige Áitiúil Chiarraí (LCYP), an tOifigeach Tithíochta, an tOifigeach Gaeilge, Iarsmalann Contae Chiarraí, an tAiltire Caomhantais agus an tOifigeach Oidhreachta.

Áirítear na struchtúir agus na próisis seo ar na tosca cinniúnacha maidir le príomhchuspóirí straitéise Chomhairle Chontae Chiarraí i ndáil le *Pobal Ildánach* a thabhairt i gcrích.

## Mapa de Chiarraí agus de na Ceantair Bardais



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*